

# Úsáid an Chóicín in Éirinn Eolas is Déanaí II

(2007)



## Taighde arna dhéanamh ag:

Comhthionscadal idir an CCND agus Foireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí (FSND). Tuairisc arna tiomsú ag Dr Justine Horgan, CCND.

## Aidhm:

Ag teacht as buairimh maidir le hinfhaighteacht agus úsáid an chóicín a bheith ag dul i méid in Éirinn, d'iarr an Rialtas ar an gCCND agus ar FSND sa chuid dheiridh de 2005 tuairisc a ullmhú lena dtabharfaí faisnéis ar úsáid an chóicín, a d'fhoilsigh an CCND roimhe in 2003, cothrom le dáta. Ba é an aidhm ná éascú le próiseas le freagairt chúí a fhorbairt faoi chuimsiú chreatlach na Straitéise Náisiúnta Drugaí.

## Modh:

Breathnaíodh sa tuairisc ar raon leathan d'fhoinis éagsúla faisnéise lena n-áirítear sonraí maidir le leitheadúlacht ó shuirbhéanna ar an daonra, sonraí ó thaobh an cheartais choiriúil, sonraí ó shaotharlanna, sonraí maidir le cóireáil le haghaidh drugaí, suirbhéanna, agallaimh i measc úsáideoirí agus staidéir thaighde. Fuarthas faisnéis bhreise ó staidéir a bhain leis an gcóicín ar tuairiscíodh orthu sa litríocht eolaíochta ábhartha.

## Príomhthorthaí:

- Tugann na foinsí sonraí ar fad atá ar fáil le fios go bhfuil úsáid agus infhaighteacht an chóicín dul i méid ar bhonn náisiúnta
- Bhí méadú faoi thré agus faoi cheathair ar líon na ndaoine a bhí ag lorg cóireála le haghaidh úsáid an chóicín mar dhruga arb é an príomhcheann agus an ceann tánaisteach faoi seach a raibh fadhb acu leis idir 1998 agus 2002
- Léiríonn sonraí ón nGarda Síochána gur tháinig méadú as cuimse ar chionta a bhain leis an gcóicín faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí ó 180 cás in 2000 go dtí 1,224 cás in 2005
- Tháinig méadú ar líon urghabhálacha na nGardaí ó 206 in 2000 go dtí 968 in 2005. Tháinig méadú ar líon urghabhálacha Chustam agus Mál ó 12 in 2000 go dtí 67 in 2004
- Tugann sonraí ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre le fios freisin gur tháinig méadú ar líon na ndaoine a fuair torthaí dearfacha ó thaobh cóicín tar éis tástálacha, chomh fada le 2005
- Léiríonn sonraí FOCO (Fiosrúcháin um Othair Chónaitheacha in Ospidéal) gur tháinig méadú ó 54 in 2000 go dtí 222 in 2004 ar líon na ndaoine a glacadh isteach in ospidéal mar gheall ar chúiseanna a bhain le cóicín
- Is cosúil go bhfuil an úsáid ildrugaí an-choitianta ina measc siúd a bhíonn ag úsáid drugaí dleathacha agus mídhleathacha. Nuair a bhíonn cóicín agus alcól sa phobal ag an am céanna, tagann méadú ar iompar frithshóisialta agus damáiste coirriúil dá bharr. Tá go leor fadhbúsáideoirí hearóine ag úsáid cóicín freisin
- Is féidir leis an gcóicín díobháil a dhéanamh don úsáideoir agus is cúis dochair don phobal é ar bhealaí díreacha agus neamhdhíreacha. Is iad na príomhchineálacha indibhídiúla díobhála ná damáiste don tsláinte fhísiciúil, don tsláinte mheabhach agus díobháil ó thaobh cúrsaí sóisialta agus eacnamaíochta

- Is mó seans go mbeidh pobail easnamhacha agus limistéir a bhfuil fadhb sa phobal ó thaobh drugaí cheana féin thíos le hiarmhairtí úsáid agus díol an chóicín. Tá tuairiscí faighte faoi fhoréigean agus imeagló ar leibhéal pobail a bhain le fiacha maidir le cóicín
- Bíonn cláir chóireála in Éirinn ag díriú ar lucht úsáide na gcodlaidíneach i gcoitinne agus ní úsáideann lucht úsáide na spreagthach iad
- Feictear do sholáthraithe seirbhíse agus lucht úsáide seirbhíse nach bhfuil aon chóireáil éifeachtach ar fáil don fhadhbúsáid chóicín
- Oibríonn go leor cur chuigeanna a cleachtaítear i seirbhísí drugaí go maith le húsáideoirí cóicín/cnagchóicín. Tá teicnící síceasóisialta san áireamh leo seo ar nós Teiripe Iompraíochta Cognaíche, Idirghabhálacha Gairide, Bainistíocht Teagmhasachta, Teiripe/Comhairliú i nGrúpa agus Ceannaireacht ó Phiaráí.

## Moltaí an CCND don Rialtas:

Déantar achoimre ar na moltaí a rinneadh don Rialtas anseo:

- Treo seirbhísí andúile a athrú ó sheirbhísí a bhíonn dírithe ar lucht úsáide na gcodlaidíneach go dtí seirbhísí lena dtabharfar aghaidh ar gach druga andúile
- D'fhéadfadh idirghabhálacha sonracha a bheith riachtanach i limistéir ina bhfuil dianfhadhbanna
- Caithfear seirbhísí, le díobháil a laghdú, a chur in oiriúint d'ualach breise na húsáide cóicín go háirithe i measc lucht insteallta drugaí
- Caithfear bailiú foirne a oiliúint agus a fhorbairt chun inniúlachtaí a bhreisiú chomh maith leis an gcumas le haghaidh a thabhairt ar an gcóicín
- Caidreamh oibre níos fearr a fhorbairt idir Dochtúirí Ginearálta, Aonaid Timpiste agus Éigeandála agus seirbhísí drugaí
- Ba chóir go dtabharfadh cláir phríosúin aghaidh ar úsáid an chóicín agus an chnagchóicín freisin
- Líon barmhaitheasa an phearsana in Aonaid Drugaí an Gharda Síochána leis an éabhlóid atá ag teacht ar mhargaí drugaí a léiriú
- Fóraim phóilíneachta áitiúla a rolladh amach i dTascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí de réir treoirínte chun naisc phobail na nGardaí a láidriú maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le drugaí sa phobal
- Caithfear faisnéis ar dhíobháil an chóicín a scaipeadh, próisis tánaisteacha agus treasacha, le drugaí a chosc, a chur in oiriúint go gcuirfear úsáid an chóicín agus an chnagchóicín san áireamh
- Caithfear bailiú na sonraí a fhorbairt de réir an limistéir is lú (Toghroinn Cheantair) ionas gur féidir díriú ar na háiteanna a bhfuil na riachtanais is mó acu
- Chabhródh tuiscint ar leathadh an chóicín agus drugaí eile in Éirinn, agus ar na patrúin úsáide a thagann dá bharr, le polasaithe agus próisis seachadta seirbhísí a threorú.